II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/731 ÓN gCOIMISIÚN

an 26 Eanáir 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i dtaca le rialacha nós imeachta maidir le pionóis a fhorchuireann an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír nó tríú páirtithe gaolmhara

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le díorthaigh thar an gcuntar, contrapháirtithe lárnacha agus stórtha trádála ([1]), agus go háirithe Airteagal 25i(7) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 le Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Leis na leasuithe sin tugadh isteach i Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, *inter alia*, cumhacht a thabhairt don Choimisiún na rialacha nós imeachta a shonrú a thuilleadh maidir leis an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí ("ESMA") an chumhacht a fheidhmiú fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír ("CPLanna tríú tír") agus tríú páirtithe gaolmhara a ndearna CPLanna tríú tír feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheachfhoinsiú chucu ("tríú páirtithe gaolmhara"). Go háirithe, ba cheart na nithe seo a leanas a chuimsiú sna rialacha nós imeachta sin – forálacha maidir le cearta na cosanta, forálacha ama, fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailiú, agus na tréimhsí teorann i dtaca le pionóis a fhorchur agus a fhorfheidhmiú.

(2) In Airteagal 41(2) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh aithnítear ceart gach duine chun éisteacht a fháil sula nglactar aon bheart leithleach i ndáil leis ar beart é a dhéanfadh dochar dó, agus ceart gach duine rochtain a fháil ar a chomhad, agus leasanna dlisteanacha rúndachta agus sicréideachta gairmiúla agus gnó á n-urramú ag an am céanna.

(3) Chun a áirithiú go n-urramófar cearta cosanta CPLanna tríú tír agus tríú páirtithe gaolmhara atá faoi réir gníomhaíochtaí de chuid ESMA, agus chun a áirithiú go gcuirfidh ESMA na fíorais ábhartha ar fad san áireamh agus cinntí forfheidhmiúcháin á nglacadh aige, ba cheart do ESMA éisteacht a thabhairt don CPL tríú tír nó na tríú páirtithe gaolmhara nó aon duine eile lena mbaineann. Dá bhrí sin, ba cheart é a bheith de cheart ag CPLanna tríú tír agus ag tríú páirtithe gaolmhara aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn mar fhreagra ar ráitis cinntí a d'eisigh an

([1]) IO L 201, 27.7.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2019/2099 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 i dtaca leis na nósanna imeachta agus na húdaráis atá rannpháirteach in CPLanna a údarú agus leis na ceanglais maidir le haitheantas a thabhairt do CPLanna tríú tír (IO L 322, 12.12.2019, lch. 1).

t-oifigeach imscrúdúcháin agus ESMA, lena n-áirítear i gcás ina ndearnadh athruithe ábhartha ar an ráiteas bunaidh cinntí. Ina theannta sin, ba cheart an deis a bheith ag an oifigeach imscrúdúcháin agus ESMA cuireadh a thabhairt do CPLanna tríú tír agus tríú páirtithe gaolmhara tuilleadh mínithe a thabhairt ag éisteacht ó bhéal i gcás ina measfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin nó ESMA nach bhfuil gnéithe áirithe de na haighneachtaí a rinneadh i scríbhinn chuig an oifigeach imscrúdúcháin nó ESMA, nach bhfuil siad soiléir ná mionsonraithe go leor, agus go bhfuil gá le tuilleadh mínithe.

(4) Tá sé tábhachtach trédhearcacht a áirithiú idir an t-oifigeach imscrúdúcháin a cheapann ESMA i gcomhréir le hAirteagal 25i de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 agus ESMA féin. Éilíonn an trédhearcacht sin na nithe seo a leanas a bheith i gcomhad an oifigigh imscrúdúcháin, sa bhreis ar an ráiteas cinntí – aon aighneacht a rinne na CPLanna tríú tír nó na tríú páirtithe gaolmhara, an ráiteas cinntí ba bhonn do na haighneachtaí a chuir na CPLanna tríú tír nó na tríú páirtithe gaolmhara sin isteach, agus na miontuairiscí ó aon éisteacht ó bhéal.

(5) De réir an dara fomhír d'Airteagal 25l(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, nuair atá gá le gníomhaíocht phráinneach is féidir le ESMA cinntí eatramhacha a ghlacadh lena bhforchuirtear fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla gan na daoine atá faoi réir imscrúdaithe nó imeachtaí a éisteacht ar dtús. Éifeachtacht na cumhachta atá ag ESMA cinntí eatramhacha a ghlacadh, chun sin a áirithiú, níor cheart é a bheith de cheart ag na CPLanna agus na tríú páirtithe gaolmhara atá faoi réir imscrúdaithe rochtain a fháil ar an gcomhad ná éisteacht a fháil sula gcuirfidh an t-oifigeach imscrúdúcháin an comhad ina bhfuil a chuid cinntí faoi bhráid ESMA, ná sula nglacfaidh ESMA a chinneadh eatramhach. Mar sin féin, ionas go n-urramófar cearta na cosanta, na CPLanna tríú tír agus na tríú páirtithe gaolmhara, ba cheart é a bheith de cheart acu rochtain a fháil ar an gcomhad a luaithe a dhéanfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin an comhad ina bhfuil a ráiteas cinntí a chur faoi bhráid ESMA, agus ba cheart é a bheith de cheart acu éisteacht a fháil a luaithe is féidir tar éis do ESMA a chinneadh eatramhach a ghlacadh.

(6) Ar chúiseanna comhsheasmhachta, na tréimhsí teorann i dtaca le fíneálacha nó íocaíochtaí pionóis a fhorchur agus a fhorfheidhmiú, ba cheart na nithe seo a leanas a chur san áireamh iontu – reachtaíocht an Aontais atá ann cheana is infheidhme maidir le pionóis a fhorchur agus a fhorfheidhmiú ar eintitis mhaoirsithe, taithí ESMA ar an reachtaíocht sin a chur i bhfeidhm i ndáil le stórtha trádála faoi Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, an fíoras gur lasmuigh den Aontas atá CPLanna tríú tír lonnaithe, agus an gá atá ann go ndéanfaidh ESMA comhordú le húdaráis sna dlínsí tríú tír sin i ndáil le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin. Ba cheart tréimhsí teorann a ríomh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais atá ann cheana maidir le gníomhartha ón gComhairle agus ón gCoimisiún, agus go háirithe Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle ([3]).

(7) De réir Airteagal 25m(5) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, na méideanna a chomhfhreagraíonn do na fíneálacha agus na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailíonn ESMA, tá siad le leithdháileadh ar bhuiséad ginearálta an Aontais. Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailíonn ESMA, ba cheart iad a thaisceadh i gcuntais úsmhara go dtí go mbeidh siad críochnaitheach. I gcás gach cinnidh lena bhforchuirtear fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla, ba cheart na méideanna a bhailíonn ESMA a thaisceadh i gcuntas nó i bhfochuntas ar leithligh chun a áirithiú go mbeidh siad inrianaithe go dtí go ndéanfar cinneadh críochnaitheach den chinneadh sin.

(8) Ar mhaithe le ESMA cumhachtaí éifeachtacha maoirseachta agus forfheidhmiúcháin a fheidhmiú láithreach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar

Leis an Rialachán seo sonraítear a thuilleadh na rialacha nós imeachta maidir le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla atá le forchur ag an Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) ar chontrapháirtithe lárnacha tríú tír (CPLanna) nó tríú páirtithe gaolmhara a ndearna na CPLanna sin feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheachfhoinsiú chucu faoi réir imeachtaí imscrúdúcháin agus forfheidhmiúcháin ESMA, lena n-áirítear rialacha maidir le cearta na cosanta agus tréimhsí teorann.

([3]) Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 ón gComhairle an 3 Meitheamh 1971 lena gcinntear na rialacha is infheidhme maidir le tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama (IO L 124, 8.6.1971, lch. 1).

Airteagal 2

An ceart éisteacht a fháil ón oifigeach imscrúdúcháin

1. Tar éis don oifigeach imscrúdúcháin an t-imscrúdú a chríochnú agus sula gcuirfidh sé an comhad faoi bhráid ESMA de bhun Airteagal 3(1), cuirfidh sé an duine atá faoi réir imscrúdaithe ar an eolas i scríbhinn ina luafar a chuid cinntí agus tabharfaidh sé deis don duine sin aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn de bhun mhír 3. Sa ráiteas cinntí sin leagfar amach na fíorais ar dóigh gurb éard atá iontu ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus cuimseofar leis sin aon fhachtóir géaraitheach nó maolaitheach a bhaineann leis na sáruithe sin.

2. Sa ráiteas cinntí socrófar teorainn ama réasúnach ar laistigh di a fhéadfaidh an duine atá faoi réir imscrúdaithe a chuid aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar an oifigeach imscrúdúcháin iad a chur san áireamh.

3. An duine atá faoi réir imscrúdaithe, féadfaidh sé na fíorais ar fad atá ar eolas aige atá ábhartha dá chosaint a leagan amach ina chuid aighneachtaí i scríbhinn. Cuirfidh sé aon doiciméad ábhartha i gceangal mar chruthúnas ar na fíorais a leagtar amach. Daoine eile a fhéadfaidh comhthacú leis na fíorais a leagtar amach ina chuid aighneachtaí, féadfaidh an duine atá faoi réir imscrúdaithe a mholadh go ndéanfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin iad a éisteacht.

4. Ina theannta sin, duine atá faoi réir imscrúdaithe ar díríodh ráiteas cinntí chuige, féadfaidh an t-oifigeach imscrúdúcháin cuireadh a thabhairt dó freastal ar éisteacht ó bhéal. Féadfaidh na daoine atá faoi réir imscrúdaithe cúnamh a fháil óna ndlíodóirí nó ó dhaoine cáilithe eile a cheadaíonn an t-oifigeach imscrúdúcháin. Ní reáchtálfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

Airteagal 3

An ceart éisteacht a fháil ó ESMA maidir le fíneálacha agus bearta maoirseachta

1. Sa chomhad iomlán atá le cur faoi bhráid ESMA ag an oifigeach imscrúdúcháin, cuimseofar na doiciméid a leanas:

(a) an ráiteas cinntí agus cóip den ráiteas cinntí a dhíreofar chuig an duine atá faoi réir an imscrúdaithe;

(b) cóip de na haighneachtaí i scríbhinn ón duine atá faoi réir an imscrúdaithe;

(c) na miontuairiscí ó aon éisteacht ó bhéal.

2. An comhad a chuirfidh an t-oifigeach imscrúdúcháin isteach, i gcás ina measfaidh ESMA nach bhfuil an comhad sin iomlán, cuirfidh sé ar ais chuig an oifigeach imscrúdúcháin é agus iarraidh réasúnaithe ar dhoiciméid bhreise i dteannta leis.

3. Na fíorais a dtugtar tuairisc orthu sa ráiteas cinntí, i gcás ina measfaidh ESMA bunaithe ar chomhad iomlán go ndealraíonn sé nach sárú atá sna fíorais sin a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cinnfidh sé an t-imscrúdú a scor agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin don duine atá faoi réir imscrúdaithe.

4. I gcás nach n-aontóidh ESMA le cinntí an oifigigh imscrúdúcháin, cuirfidh sé ráiteas nua cinntí faoi bhráid na ndaoine atá faoi réir imscrúdaithe.

Sa ráiteas cinntí socrófar teorainn ama réasúnach ar laistigh di a fhéadfaidh na daoine atá faoi réir imscrúdaithe aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar ESMA iad a chur san áireamh.

Ina theannta sin, na daoine atá faoi réir imscrúdaithe ar díríodh ráiteas cinntí chucu, féadfaidh ESMA cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar éisteacht ó bhéal. Féadfaidh na daoine atá faoi réir imscrúdaithe cúnamh a fháil óna ndlíodóirí nó ó dhaoine cáilithe eile a cheadaíonn ESMA. Ní reáchtálfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

5. I gcás ina n-aontóidh ESMA le cinntí an oifigigh imscrúdúcháin ar fad nó le cuid díobh, cuirfidh sé na daoine atá faoi réir imscrúdaithe ar an eolas dá réir. Sa chumarsáid sin socrófar teorainn ama réasúnach ar laistigh di a fhéadfaidh an duine atá faoi réir imscrúdaithe aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar ESMA iad a chur san áireamh.

Ina theannta sin, na daoine atá faoi réir imscrúdaithe ar díríodh ráiteas cinntí chucu, féadfaidh ESMA cuireadh a thabhairt dóibh freastal ar éisteacht ó bhéal. Féadfaidh na daoine atá faoi réir imscrúdaithe cúnamh a fháil óna ndlíodóirí nó ó dhaoine cáilithe eile a cheadaíonn ESMA. Ní reáchtálfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

6. I gcás ina gcinnfidh ESMA go ndearna duine atá faoi réir imscrúdaithe ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus ina nglacfaidh sé cinneadh lena ngearrtar fíneáil i gcomhréir le hAirteagal 25j den Rialachán sin, tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin don duine atá faoi réir imscrúdaithe láithreach.

Airteagal 4

An ceart éisteacht a fháil ó ESMA maidir le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla

Sula ndéanfaidh sé cinneadh lena bhforchuirtear íocaíocht phionósach thréimhsiúil i gcomhréir le hAirteagal 25k de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cuirfidh ESMA ráiteas cinntí faoi bhráid an duine atá faoi réir na n-imeachtaí, ráiteas ina leagfar amach na cúiseanna lena dtugtar údar le híocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur agus méid na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla in aghaidh gach lae a bheidh neamhchomhlíonadh i gceist. Sa ráiteas cinntí socrófar teorainn ama ar laistigh di a fhéadfaidh an duine atá faoi réir imeachtaí aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar ESMA iad a chur san áireamh maidir le cinneadh a dhéanamh i ndáil leis an íocaíocht phionósach thréimhsiúil.

An duine atá faoi réir imeachtaí, a luaithe a chomhlíonfaidh sé an cinneadh ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 25k(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ní fhéadfar íocaíocht phionósach thréimhsiúil a fhorchur a thuilleadh.

Sa chinneadh lena bhforchuirtear íocaíocht phionósach thréimhsiúil sonrófar an bunús dlí agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh, méid na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla, agus túsdáta na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla.

Ina theannta sin féadfaidh ESMA cuireadh a thabhairt don duine atá faoi réir imeachtaí freastal ar éisteacht ó bhéal. Féadfaidh na daoine atá faoi réir imeachtaí cúnamh a fháil óna dhlíodóirí nó ó dhaoine cáilithe eile a cheadaíonn ESMA. Ní reáchtálfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

Airteagal 5

An ceart éisteacht a fháil ó ESMA maidir le cinntí eatramhacha lena ngearrtar fíneálacha

1. De mhaolú ar Airteagail 2 agus 3 den Rialachán seo, an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo, beidh feidhm aige i gcás ina nglacfaidh ESMA cinntí eatramhacha lena ngearrtar fíneálacha de bhun an dara fomhír d'Airteagal 25l(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 gan na daoine atá faoi réir imscrúduithe a éisteacht ar dtús.

2. Cuirfidh an t-oifigeach imscrúdúcháin an comhad ina bhfuil a chuid cinntí faoi bhráid ESMA agus cuirfidh sé an duine atá faoi réir imscrúdaithe ar an eolas láithreach maidir lena chuid cinntí, ach ní thabharfaidh sé an deis don duine sin aighneachtaí a dhéanamh. I ráiteas cinntí an oifigigh imscrúdúcháin leagfar amach na fíorais ar dóigh gurb éard atá iontu ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus cuimseofar leis sin aon fhachtóir géaraitheach nó maolaitheach a bhaineann leis na sáruithe sin.

Arna iarraidh sin air, deonóidh an t-oifigeach imscrúdúcháin rochtain ar an gcomhad don duine atá faoi réir imscrúdaithe.

3. I gcás ina measfaidh ESMA, maidir leis na fíorais a dtugtar tuairisc orthu i ráiteas cinntí an oifigigh imscrúdúcháin, go ndealraíonn sé nach sárú atá iontu a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, cinnfidh sé an t-imscrúdú a scor agus tabharfaidh sé fógra faoin gcinneadh sin don duine atá faoi réir imscrúdaithe.

4. I gcás ina gcinnfidh ESMA go ndearna an duine atá faoi réir imscrúdaithe ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, agus ina nglacfaidh sé cinneadh eatramhach lena ngearrtar fíneálacha i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 25l(1) den Rialachán sin, tabharfaidh ESMA fógra faoin gcinneadh eatramhach sin don duine sin láithreach.

Socróidh ESMA teorainn ama réasúnach ar laistigh di a fhéadfaidh duine atá faoi réir imscrúdaithe aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn maidir leis an gcinneadh eatramhach. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar ESMA iad a chur san áireamh.

Arna iarraidh sin air, deonóidh ESMA rochtain ar an gcomhad do na daoine atá faoi réir an imscrúdaithe.

Féadfaidh ESMA cuireadh a thabhairt do na daoine atá faoi réir imscrúdaithe freastal ar éisteacht ó bhéal. Féadfaidh na daoine atá faoi réir imscrúdaithe cúnamh a fháil óna ndlíodóirí nó ó dhaoine cáilithe eile a cheadaíonn ESMA. Ní reáchtálfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

5. A luaithe is féidir tar éis an cinneadh eatramhach a ghlacadh is ea a thabharfaidh ESMA éisteacht don duine atá faoi réir an imscrúdaithe agus a dhéanfaidh sé cinneadh críochnaitheach.

I gcás ina measfaidh ESMA, bunaithe ar an gcomhad iomlán agus tar éis na daoine atá faoi réir imscrúdaithe a éisteacht, go ndearna an duine atá faoi réir imscrúdaithe ceann amháin nó níos mó de na sáruithe a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, glacfaidh sé cinneadh daingniúcháin lena ngearrtar fíneálacha i gcomhréir le hAirteagal 25j den Rialachán sin. Tabharfaidh ESMA fógra faoin gcinneadh sin do na daoine atá faoi réir imscrúdaithe láithreach.

I gcás ina nglacfaidh ESMA cinneadh críochnaitheach nach ndeimhneofar an cinneadh eatramhach leis, measfar an cinneadh eatramhach a bheith aisghairthe.

Airteagal 6

An ceart éisteacht a fháil ó ESMA maidir le cinntí eatramhacha lena bhforchuirtear íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla

1. De mhaolú ar Airteagal 4, an nós imeachta a leagtar amach san Airteagal seo, beidh feidhm aige i gcás ina nglacfaidh ESMA cinntí eatramhacha lena bhforchuirtear íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla de bhun an dara fomhír d'Airteagal 25l(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 gan an duine atá faoi réir imeachtaí a éisteacht ar dtús.

2. Sa chinneadh eatramhach lena bhforchuirtear íocaíocht phionósach thréimhsiúil sonrófar an bunús dlí agus na cúiseanna atá leis an gcinneadh, méid na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla, agus túsdáta na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla.

An duine atá faoi réir imeachtaí, a luaithe a chomhlíonfaidh sé an cinneadh ábhartha dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 25k(1) de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, ní fhéadfar cinneadh eatramhach lena bhforchuirtear íocaíocht phionósach thréimhsiúil a ghlacadh a thuilleadh.

Tabharfaidh ESMA fógra faoin gcinneadh eatramhach don duine atá faoi réir imeachtaí láithreach agus socróidh sé teorainn ama ar laistigh di a fhéadfaidh an duine sin aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn. Aighneachtaí i scríbhinn a gheofar tar éis don teorainn ama sin dul in éag, ní bheidh oibleagáid ar ESMA iad a chur san áireamh.

Arna iarraidh sin air, deonóidh ESMA rochtain ar an gcomhad don duine atá faoi réir imeachtaí.

Ina theannta sin féadfaidh ESMA cuireadh a thabhairt don duine atá faoi réir imeachtaí freastal ar éisteacht ó bhéal. Féadfaidh an duine atá faoi réir imeachtaí cúnamh a fháil óna dhlíodóirí nó ó dhaoine cáilithe eile a cheadaíonn ESMA. Ní reáchtálfar éisteachtaí ó bhéal go poiblí.

3. I gcás ina measfaidh ESMA, bunaithe ar an gcomhad iomlán agus tar éis an duine atá faoi réir imeachtaí a éisteacht, go raibh na fíorais le híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur i gceist an tráth a glacadh an cinneadh eatramhach, glacfaidh ESMA cinneadh deimhniúcháin lena bhforchuirtear íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla i gcomhréir le hAirteagal 25k de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012. Tabharfaidh ESMA fógra faoin gcinneadh sin don duine atá faoi réir imeachtaí láithreach.

I gcás ina nglacfaidh ESMA cinneadh nach ndeimhneofar an cinneadh eatramhach leis, measfar an cinneadh eatramhach a bheith aisghairthe.

Airteagal 7

Rochtain ar an gcomhad agus úsáid doiciméad

1. I gcás ina n-iarrfar sin air, deonóidh ESMA rochtain ar an gcomhad do na páirtithe ar chuir an t-oifigeach imscrúdúcháin nó ESMA ráiteas cinntí chucu. Deonófar rochtain tar éis fógra a thabhairt faoi aon ráiteas cinntí.

2. Doiciméid de chuid an chomhaid a bhfaightear rochtain orthu de bhun mhír 1 den Airteagal seo, ní úsáidfear iad ach chun críoch imeachtaí breithiúnacha nó riaracháin a bhaineann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 a chur i bhfeidhm.

Airteagal 8

Tréimhsí teorann maidir le pionóis a fhorchur

1. Na cumhachtaí a thugtar do ESMA fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur ar CPLanna tríú tír agus tríú páirtithe gaolmhara a ndearna na CPLanna tríú tír feidhmeanna nó gníomhaíochtaí oibríochtúla a sheachfhoinsiú chucu, beidh na cumhachtaí sin faoi réir tréimhse teorann 5 bliana.

2. Is ar an lá tar éis an lae a dhéanfar an sárú a thosóidh an tréimhse teorann dá dtagraítear i mír 1. Mar sin féin, i gcás sáruithe leanúnacha nó sáruithe a dhéantar arís agus arís eile, is ar an lá a thiocfaidh deireadh leis an sárú a thosóidh an tréimhse teorann.

3. Aon bheart a dhéanfaidh ESMA chun críoch an imscrúdaithe nó chun críocha na n-imeachtaí i ndáil le sárú a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, brisfidh sé an tréimhse teorann i dtaca le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur. Briseadh na tréimhse teorann sin, beidh éifeacht leis ón dáta a thabharfar fógra faoin mbeart don duine atá faoi réir imscrúdaithe nó imeachtaí i ndáil le sárú a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

4. Is é an toradh a bheidh ar gach briseadh go ndéanfar an tréimhse teorann a atosú. Mar sin féin, is é an tráth is déanaí a rachaidh an tréimhse teorann in éag an lá a bheidh tréimhse curtha isteach is ionann le dúbailt na tréimhse teorann, agus gan aon fhíneáil ná íocaíocht phionósach thréimhsiúil forchurtha ag ESMA le linn an ama sin. An t-am a bheidh an teorainn ar fionraí de bhun mhír 5, cuirfear é de shíneadh leis an tréimhse sin.

5. An tréimhse teorann i dtaca le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchur, cuirfear ar fionraí í fad atá cinneadh ESMA faoi réir imeachtaí atá ar feitheamh os comhair an Bhoird Achomhairc, i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 25n de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Airteagal 9

Tréimhsí teorann maidir le pionóis a fhorfheidhmiú

1. Cinntí a ghlactar de bhun Airteagail 25j agus 25k de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012, an chumhacht atá ag ESMA na cinntí sin a fhorfheidhmiú, beidh sí faoi réir tréimhse teorann 8 mbliana.

2. An tréimhse ocht mbliana dá dtagraítear i mír 1, is ar an lá tar éis an lae a dhéanfar cinneadh críochnaitheach den chinneadh a thosóidh sí.

3. An tréimhse teorann i dtaca le pionóis a fhorfheidhmiú, déanfaidh na nithe seo a leanas í a bhriseadh:

(a) fógra ó ESMA don duine atá faoi réir imeachtaí faoi chinneadh lena n-athraítear méid bunaidh na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla;

(b) aon ghníomhaíocht de chuid ESMA, nó de chuid údaráis tríú tír atá ag gníomhú ar iarratas ó ESMA, atá ceaptha chun íoc na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a fhorfheidhmiú, nó chun téarmaí agus coinníollacha íocaíochta na fíneála nó na híocaíochta pionósaí tréimhsiúla a fhorfheidhmiú.

([4]) Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (an tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 2009/77/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 84).

4. Is é an toradh a bheidh ar gach briseadh go ndéanfar an tréimhse teorann a atosú.

5. An tréimhse teorann i dtaca le pionóis a fhorfheidhmiú, cuirfear ar fionraí í fad:

(a) a cheadófar am chun íocaíocht a dhéanamh;

(b) a chuirfear forfheidhmiú na híocaíochta ar fionraí de bhun cinneadh ó ESMA atá ar feitheamh os comhair an Bhoird Achomhairc, i gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 1095/2010, agus os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir le hAirteagal 25n de Rialachán (AE) Uimh. 648/2012.

Airteagal 10

Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailiú

Méideanna na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a bhailíonn ESMA, taiscfear iad i gcuntas úsmhar arna oscailt ag oifigeach cuntasaíochta ESMA go dtí go mbeidh siad críochnaitheach. I gcás ina mbaileoidh ESMA iliomad fíneálacha nó íocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla ag an am céanna, áiritheoidh oifigeach cuntasaíochta ESMA go dtaiscfear iad i gcuntais nó i bhfochuntais éagsúla. Ní dhéanfar méideanna a íocfar a iontráil i mbuiséad ESMA ná a thaifeadadh mar mhéideanna buiséadacha.

A luaithe a shuífidh Oifigeach Cuntasaíochta ESMA gur críochnaitheach feasta iad na fíneálacha nó na híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla tar éis toradh a fháil ar gach dúshlán dhlíthiúil ab fhéidir a dhéanamh, aistreoidh sé na méideanna sin móide aon ús a fhaibhreoidh orthu chuig an gCoimisiún Eorpach. Iontrálfar na méideanna sin i mbuiséad an Aontais faoi ioncam ginearálta.

Oifigeach Údarúcháin na hArd-Stiúrthóireachta um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil de chuid an Choimisiúin Eorpaigh, tuairisceoidh Oifigeach Cuntasaíochta ESMA dó ar bhonn rialta maidir le méideanna na bhfíneálacha agus sna híocaíochtaí pionósacha tréimhsiúla a fhorchuirtear agus lena stádas.

Airteagal 11

Tréimhsí, dátaí agus teorainneacha ama a ríomh

Beidh feidhm ag Rialachán (CEE, Euratom) Uimh. 1182/71 maidir le tréimhsí ama, dátaí agus teorainneacha ama a leagtar amach sa Rialachán seo.

Airteagal 12

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 26 Eanáir 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN